<u>Úrscéal</u> <u>No</u>		(le Catherine Foley)
1.	Nuair a tháinig na boscaí móra ón Ollainn iarradh ar Shorcha déileáil leo.	When the big boxes came from Holland, Sorcha was asked to deal with them.
2.	Bhí sé i gceist ag stiúrthóir an ghailearaí taispeántas Picasso a chur ar siúl ag tús mhí an Mheithimh.	The director of the gallery intended to put on a Picasso exhibit in the beginning of the month of June.
3.	Bhí pictiúir an ealaíontóra cháiliúil sna boscaí.	The famous artist's pictures were in the boxes.
4.	Rinne Sorcha ionsaí orthu láithreach.	Sorcha attacked them right away.
5.	Bhí uirthi an téad tiubh a ghearradh agus an téip a bhriseadh.	She had to cut the thick rope and break the tape.
6.	Bhí páipéir ann chomh maith, iad istigh i mbosca amháin i gclúdach donn.	There were papers there too, inside one box in a brown envelope.
7.	Bhí na foirmeacha ar fad le líonadh agus bhí uirthi gach rud a chur in ord.	All the forms had to be filled out and she had to put everything in order.
8.	D'oibrigh sí go crua an lá sin.	She worked hard that day.
9.	Ní raibh a fhios aici go dtarlódh dúnmharú de bharr an taispeántais seo.	She didn't know that a murder would happen because of this exhibit.
10.	Ní raibh a fhios aici go mbeadh sí féin i gcontúirt.	She didn't know that she herself would be in danger.
11.	Ní raibh a fhios aici céard a bhí i ndán di.	She didn't know what was in store for her.
12.	Bhí tuí sna boscaí.	There was straw in the boxes.
13.	Lean sí uirthi ag tógáil na bpictiúr amach, ag breathnú orthu agus ag caint agus ag gáire le Dáithí, an stiúrthóir, nuair a chuireadh sé a cheann isteach.	She went on taking the pictures out, looking at them, and talking and laughing with Dáithí, the director, when he would put his head in.

Ceacht a Trí Lesson Three


Sorcha sa Ghailearaí Sorcha in the Gallery

Leathanach 2 Page 2

bheinn bheifeá bheadh sé bheadh sí bheimis bheadh sibh bheidís I would be you would be he would be she would be we would be y'all would be they would be

d'ólfainn
d'ólfá
d'ólfadh sé
d'ólfadh sí
d'ólfaimis
d'ólfadh sibh
d'ólfaidís

I would drink
you would drink
he would drink
she would drink
we would drink
y'all would drink
they would drink



number one a haon bosca / boscaí box(es) buí yellow green glas blue gorm dearg red ceann amháin one ceithre cinn four the yellow one an ceann buí

Cad atá sa phictiúr seo?
What's in this picture?
Cé mhéad bosca atá ann?
How many boxes are there?
Cé mhéad bosca glas atá ann?
How many green boxes are there?
Cén bosca is lú?
Which box is smallest?
Cén bosca is mó?
Which box is biggest?



a dó number two leabhar / leabhair book(s) shelf / shelves seilf / seilfeanna leabhragán bookcase leabhragáin bookcases adhmad wood teanga / teangacha language(s) Gaeilge Irish Béarla English Spáinnis Spanish

Cad atá sa phictiúr seo?
What's in this picture?
Cad as a bhfuil sé déanta?
What is it made of?
Cad atá ar na seilfeanna?
What's on the shelves?
An maith leat a bheith ag léamh?
Do you like to read?
Cén teangacha a léann tú?
What languages do you read?



number three a trí pictiúr / pictiúir picture(s) péintéir / péintéirí painter(s) ealaíontóir artist ealaíontóirí artists cáiliúil famous cailín / cailíní girl(s) scathán / scatháin mirror(s) ag breathú looking ag péinteáil painting

Cé a rinne an pictiúr seo?
Who made this picture?
An raibh sé cailiúil?
Was he famous?
An maith leat pictiúir Phicasso?
Do you like Picasso's pictures?
Cé atá sa phictiúr?
Who is in the picture?
Cad atá sí ag déanamh?
What is she doing?



a ceathair number four foirm / foirmeacha form(s) peann / pinn pen(s) spéaclaí glasses a scríobh to write a líonadh to fill out a shíniú to sign a chaitheamh to wear a sheoladh to send

An maith leat foirmeacha a líonadh?
Do you like to fill out forms?
An líontar le peann luaidhe iad?
Do you fill them out with a pencil?
Cad a chaithfidh tú a dhéanamh
nuair a bhíonn an fhoirm líonta?
What do you have to do when the
form is filled out?
An gcaitheann tú spéaclaí chun
léamh?
Do you wear glasses to read?